AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

LEGAL AID BOARD

# Iarratas ar Sheirbhísí Dlíthiúla

## Cúnamh agus Comhairle Dhlíthiúil Shibhialta

### Conas an fhoirm seo a líonadh isteach

- Priontáil na litreacha agus na huimhreacha go soiléir le do thoil agus freagair na ceisteanna a bhaineann leat. Más rud é nach mbaineann ceist leat, cuir isteach N/B (ní bhaineann le hábhar).
- Má theastaíonn cabhair uait, beidh ball d'fhoireann an Bhoird sásta cúnamh a thabhairt duit an fhoirm seo a chomhlánú.
- Féadfar foirmeacha neamhiomlána a sheoladh ar ais agus d'fhéadfaí moill a chur ar phróiseáil d'iarratais.
- An English version of this form is available also.

## 1. FAISNÉIS PHEARSANTA AGUS SONRAÍ IARRATAIS

**Ní mór duit an chuid seo a chomhlánú go hiomlán.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm agus Sloinne | | | |
| Sloinne a bhí ort roimhe seo (má bhí a leithéid ort) | | Uimh. Theileafóin | |
| Uimhir Fón Póca | | R-phost | |
| Dáta Breithe | | Uimh. PSP | |
| Seoladh (tabhair seoladh comhfhreagrais freisin, mura bhfuil siad mar a chéile) | | | |

**An fáth a bhfuil mé ag déanamh iarratais ar sheirbhísí dlí.**

Tabhair roinnt sonraí faoin ábhar, m.sh. le haghaidh cúrsaí an Dlí Teaghlaigh: ag lorg colscartha, idirscartha, ag iarraidh comhaontú a dhéanamh faoi shocruithe coimeádta nó cothabhála.

Mura mbaineann an cás le Dlí Teaghlaigh tabhair sonraí na ceiste a bhfuil tú ag lorg seirbhísí dlí ina leith.

☐ Dlí Teaghlaigh ☐ Dlí seachas Dlí Teaghlaigh

An bhfuil duine nó eagraíocht eile i gceist? Tá ☐ Níl ☐

Má tá, cad is ainm dóibh, cén seoladh atá acu agus cén cineál gaoil atá acu leat?

An bhfuil dáta Cúirte agat, agus má tá, cad é an dáta? Tá ☐ ar L L / M M / B B B B Níl ☐

Iniaigh cóipeanna d'aon orduithe nó imeachtaí cúirte

Má chuir tú isteach ar sheirbhísí dlíthiúla cheana inis ar atreoraigh an Bord tú chuig aturnae príobháideach

Ionad dlí:

## 2. RÁITEAS AR IONCAM AGUS SÓCMHAINNÍ - Comhlánaigh Cuid A **nó** Cuid B & C

**Cuid A: Is é leas sóisialta an t-aon ioncam atá agam agus níl aon sócmhainní os cionn €4,000 agam**

Ceangail admháil leasa shóisialaigh leis seo

1. An fíor gurb é leas sóisialta an t-aon fhoinse ioncaim atá agat? Is fíor ☐ Ní fíor ☐
2. An fíor gur fiú níos lú ná €4,000 san iomlán do chuid sócmhainní? Is fíor ☐ Ní fíor ☐

Áirítear iad seo a leanas mar shócmhainní: do charr nó mótarfheithicil eile, aon airgead tirim atá ar láimh agat nó coigilteas atá agat i mbanc, agus seodra ar leat é. Ní chuirtear san áireamh an teach ina gcónaíonn tú. (Mura bhfuil tú cinnte conas a bhaineann an chuid seo leatsa cuir ceist ar dhuine den fhoireann san ionad dlí.)

**Má thug tú "Is fíor" mar fhreagra ar an dá cheist thuas téigh ar aghaidh go dtí an Dearbhú ar an leathanach cúil den fhoirm seo. Má thug tú "Ní fíor" mar fhreagra ar cheachtar den dá cheist comhlánaigh codanna B & C thíos.**

### Cuid B: Sonraí faoi m'ioncam

Ceangail duillín pá

**Sonraí faoi m'fhostaíocht/mo phinsean**: Íoctar mé: In aghaidh na míosa ☐ In aghaidh na coicíse ☐ In aghaidh na seachtaine ☐

| | | | |
|---|---|---|---|
| Pá Míosa roimh asbhaintí (pá comhlán) | € | Tréimhse Pá (fág ar lár mura bhfuil a fhios agat) | |
| ÍMAT | € | ÁSPC | € |
| TSU | € | Tobhach Pinsin (ABP) | € |

**Leas Sóisialach**

Ceangail admháil leasa shóisialaigh leis seo

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm na híocaíochta | | Méid sa tSeachtain | € |
| Ainm na híocaíochta | | Méid sa tSeachtain | € |
| Ainm na híocaíochta | | Méid sa tSeachtain | € |
| Ainm na híocaíochta | Liúntas Breosla | Méid sa tSeachtain (i rith an gheimhridh) | € |

**Foinsí Eile Ioncaim**

Inis le do thoil cé chomh minic a fhaigheann tú gach suim airgid díobh:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cothabháil faighte | € | Gnó<br>Ceangail Fógra Measúnaithe | € |
| Foinse eile<br>(m.sh. Scéim FP, leanaí ina gcónaí sa bhaile, cúrsa SOLAS - sonraigh le do thoil) | € | Sochar Comhchineáil<br>(m.sh. carr de chuid na cuideachta, cóiríocht íoctha ag an gcuideachta) | € |

**Costas mo chóiríochta**

Íocaimse € ______ In aghaidh na míosa ☐ In aghaidh na coicíse ☐ In aghaidh na seachtaine ☐

Forlíonadh úis mhorgáiste/Forlíonadh Cíosa/Liúntas cíosa € ______

**Liúntais eile**

Íocaim € ______ i leith costais um chúram leanaí do ☐ leanaí

☐ Tá céile/páirtí agam a chónaíonn liom
**nó**
☐ Tá céile/páirtí sibhialta agam nach gcónaíonn liom ach íocaim € ______ mar chothabháil in aghaidh na seachtaine/na míosa (scrios mar is cuí)

Tá ☐ leanaí agam (atá i mbun oideachais lánaimseartha agus a chónaíonn i gcóiríocht do mhic léinn)

**agus/nó**

Tá ☐ leanaí agam nach bhfuil ina gcónaí liom agus íocaim € ______ mar chothabháil in aghaidh an linbh in aghaidh na seachtaine/na míosa (scrios mar is cuí)

Tá ☐ cleithiúnaithe eile atá ina gcónaí liom

Sonraí: ______

## Cuid C: Sonraí mo shócmhainní

☞ **Ní mór duit sonraí do chuid sócmhainní caipitiúla áit ar bith ar fud an domhain a fhógairt ach amháin an teach ina gcónaíonn tú.**
Is féidir samplaí de shócmhainní caipitiúla a fháil inár nóta faisnéise "Conas d'Iarratas ar Sheirbhísí Dlí a Líonadh Isteach" agus áirítear leo do charr, aon réadmhaoin atá agat féin (seachas an teach ina gcónaíonn tú), coigilteas (lena n-áirítear airgead tirim), scaireanna, nó seodra costasach.

☐ Níl aon sócmhainní caipitiúla agam agus is fiú níos lú ná €4,000 an coigilteas/an t-airgead tirim atá ar láimh agam.

✎ Más rud é nach bhfuil spás ar an leathanach seo le mionchuntas a thabhairt ar do shócmhainní, tabhair sonraí breise ar bhileog ar leith.

### Mo charr

| Déanamh agus múnla | | An bhliain ar cláraíodh é den chéad uair | |
|---|---|---|---|
| Luach measta | € | An méid d'iasacht an chairr atá gan íoc | € |

### Airgead tirim ar láimh nó sa bhanc

☞ Má tá méid suntasach airgid thirim ar láimh agat, scríobh "ar láimh" sa cholún le haghaidh ainm an Bhainc/an Chumainn Foirgníochta/an Chomhair Creidmheasa.

| Ainm an Bhainc/an Chumainn Foirgníochta/an Chomhair Chreidmheasa | Méid |
|---|---|
| | € |
| | € |
| | € |

### Sócmhainní eile ar liom iad

☞ Luaigh sonraí réadmhaoine (seachas an teach ina bhfuil cónaí ort), scaireanna i gcuideachtaí, seodra agus saothair ealaíne ar leat iad. Má fuair tú iasacht (lena n-áirítear morgáiste) atá fós gan íoc chun iad a cheannach, cuir isteach sonraí faoin méid atá gan íoc.

| Ainm na sócmhainne | Luach measta | Méid na hiasachta atá gan íoc |
|---|---|---|
| | € | € |
| | € | € |
| | € | € |

### Iasachtaí eile atá gan íoc

☞ Cuir síos sonraí na n-iasachtaí nó na bhfiach eile nach bhfuil fógartha agat thuas cheana féin. Ba cheart duit ainm an iasachtóra agus cuspóir na hiasachta a scríobh sa cholún "Sonraí faoin iasacht". Ní gá duit dearbhú a thabhairt faoin morgáiste ar theach do theaghlaigh.

| Sonraí na hiasachta | Méid na hiasachta atá gan íoc | Aisíocaíocht in aghaidh na míosa |
|---|---|---|
| | € | € |
| | € | € |
| | € | € |

### Fiacha eile atá dlite le híoc i rith na bliana seo chugainn

| Sonraí | Méid |
|---|---|
| | € |
| | € |
| | € |

**DEARBHÚ - Léigh go cúramach sula síníonn tú**

1. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis go léir atá tugtha agam ar an bhfoirm seo ceart agus nár fhág mé aon rud ar lár d'aon ghnó.
2. Tuigim má fhaightear amach níos déanaí gur thug mé fhaisnéis mhícheart ar an bhfoirm seo nó gur fhág mé aon fhaisnéis ar lár a iarradh ar an bhfoirm seo, gur féidir leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil mo chúnamh dlíthiúil a bhaint díom agus gur féidir liom a bheith faoi dhliteanas i leith chostas na seirbhíse a chuir sé fáil go dtí an bpointe ama sin.
3. Tugaim cead don Bhord aon sonraí nó faisnéis eile faoi mo chás a fháil a d'fhéadfadh a bheith riachtanach don Bhord.
4. Tuigim go bhféadfaidh an Bord dul i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun aon sonraí maidir leis na híocaíochtaí a dhéanann siad liom nó aon fhaisnéis eile faoi mo chuid acmhainní a bhféadfadh a bheith taifeadta acu a fháil nó a fhíorú.
5. Má tharlaíonn aon athrú ar na sonraí atá ar an bhfoirm seo cuirfidh mé é sin in iúl don Bhord.
6. Tuigim go bhféadfaidh an Bord athmheasúnú a dhéanamh ar mo chuid acmhainní agus caipitil am ar bith fad is atá sé ag cur seirbhísí dlí ar fáil dom go dtí go gcuirfear bailchríoch ar mo chás agus go ndúnfar mo chomhad. Féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh ar bhunús an athmheasúnaithe sin camóg ag teastáil chúnamh dlíthiúil a tharraingt siar, nó méid an táille a ghearrfaidh siad orm i leith seirbhísí dlí a mhéadú.
7. Admhaím go bhféadfaidh an Bord i gcúinsí áirithe, nuair a bheidh mó chás críochnaithe, muirear a ghearradh orm suas go dtí an méid iomlán ar chosain sé orthu seirbhísí dlí a sholáthar dom. Tugaim faoi deara go míneoidh m'aturnae é sin go mion dom.
8. Tugaim faoi deara má bhaineann m'iarratas le hábhar a bhaineann le dlí teaghlaigh, go bhféadfaidh an lárionad dlí mo chuid faisnéise a chur ar aghaidh chuig oifig idirghabhála teaghlaigh an Bhoird má mheastar go mbeadh sé oiriúnach é sin a dhéanamh.

**Sínithe** ____________________ **Dáta** L L / M M / B B B B

**Seicliosta**

**Seiceáil le do thoil go bhfuil cóipeanna díobh seo a leanas san áireamh le d'iarratas:**

- ☐ Duillín pá a eisíodh le déanaí, má tá tú ag obair
- ☐ Admháil Leasa Shóisialaigh a eisíodh le déanaí nó cruthúnas eile íocaíochta, má tá tú ag éileamh Leasa Shóisialaigh
- ☐ An Fógra Measúnaithe is déanaí a fuair tú ó na Coimisinéirí Ioncaim nó sraith dheireanach de do chuntais, má tá tú féinfhostaithe
- ☐ Iarratais nó orduithe Chúirte a rinneadh le bliain anuas

Bíonn aitheantas fótagrafach agus cruthúnas faoi do sheoladh ag teastáil má bhíonn gné airgid nó réadmhaoine ag baint le do chás. Bíonn gné airgid nó réadmhaoine i gceist i bhformhór na gcásanna. Má tá amhras ort, cuir ceist ar an ionad dlí ina bhfuil tú ag déanamh iarratais.

- ☐ Aitheantas fótagrafach
- ☐ Cruthúnas faoi do sheoladh

**Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise**

**Coinneoidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil faoi rún gach faisnéis agus na sonraí pearsanta go léir a thugann tú. Ní dhéanfaidh an Bord iad a nochtadh do dhaoine nó do chomhlachtaí eile ach amháin de réir an dlí.**

AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

LEGAL AID BOARD

Ba cheart an t-iarratas seo a Sheoladh chuig an lárionad dlí is gaire duit, tá seoltaí ar fáil ar **www.legalaidboard.ie**